



AN ÁISE THEAS

Agus í ar an mór-roinn is mó ar domhan agus an ceann ina bhfuil an daonra is mó, tá an-tábhacht gheostraitéiseach ag an Áise don Aontas. Tá an tAontas ag cruthú naisc níos dlúithe le tíortha san Áise Theas mar ghníomhaí láidir eacnamaíoch agus mar dheontóir mór forbraíochta agus cabhrach. Tá AE ag obair chun forbairt institiúidí, daonlathas, dea-rialachas agus cearta an duine a chothú, agus tá ábhair imní slándála aige sa réigiún freisin, go háirithe na coimhlíntí sa Chaismír agus san Afganastáin. Tá faireachán á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa ar an staid san Áise Theas agus tacaíonn sí le cúnamh AE chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19 agus ar an tionchar atá aici ar an réigiún, le tacaíocht spriocdhírthe do na grúpaí daonra is leochaillí.

Déanann an Bhileog Eolais seo cur síos ar réigiún na hÁise Theas. Féach freisin na Bileoga Eolais ar an Áise Thoir ([5.6.8](#)) agus ar an Áise Thoir Theas ([5.6.9](#)).

AN BUNÚS DLÍ

- Teideal V (gníomhaíocht sheachtrach AE) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Airteagail 206-207 (trádáil) agus 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Feidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCCanna) (caidreamh déthaobhach).

COMHLACHAS NA HÁISE THEAS UM CHOMHAR RÉIGIÚNACH (SAARC)

Molann AE lánpháirtíú réigiúnach agus tacaíonn sé le Comhlachas na hÁise Theas um Chomhar Réigiúnach (SAARC). Is iad an Afganastáin, an Bhanglaidéis, an Bhútáin, an India, Oileáin Mhaidíve, Neipeal, an Phacastáin agus Srí Lanca balltíortha SAARC. Tá stádas breathnóra ag AE, an Chóiré Theas, an Iaráin, Maenmar, Oileán Mhuirís, an tSeapáin, na Stáit Aontaithe agus ag an tSín le SAARC.

Déanann comhar um fhorbairt idir AE agus tíortha na hÁise Theas cabhair airgeadais agus theicniúil chomh maith le comhar eacnamaíoch a chumhdach. Áirítear cobhsaíocht réigiúnach, laghdú na bochtaineachta, cearta an duine, forbairt inbhuanaithe, dea-rialachas agus cearta saothair i measc a thosaíochtaí. Féachann



comhar AE-SAARC le comhchuíbhíú caighdeán a chur chun cinn agus trádáil a éascú agus feasacht a ardú maidir leis na tairbhí a ghabhann le comhar réigiúnach.

AN INDIA

Déanann comhpháirtíocht straitéiseach AE-an India comhar trádála agus eacnamaíoch a chur chun cinn. Tá éagsúlacht mhór idir réigiúin gach comhpháirtí i dtaca le neart eacnamaíoch, teanga agus cultúr, margadh ollmhór agus suíomh geostraitéiseach arb údair imní é don bheartas slándála.

Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh [conclúidí an 10 Nollaig 2018](#) ag lorg caidreamh níos doimhne agus níos leithne leis an India trí shíocháin agus slándáil a chur chun cinn sna blianta amach romhainn.

Tá an India i mbun athchóirithe eacnamaíocha agus polaitiúla a chur i gcrích ina dtugtar aghaidh ar an riarachán a nuachóiriú, dea-rialachas, éilliú a chomhrac le cláir dháirgeadachta agus thrédhearcachta, dul i ngleic le fadhbanna sóisialta, an geilleagar a fhorbairt leis na tionscnaimh 'Make in India' agus 'Invest in India' agus cáin ar sheirbhísí agus ar earraí a fhorchur ar bhonn náisiúnta.

I gcomhthéacs COVID-19, tionóladh go fíorúil an 15ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an India an 15 Iúil 2020, agus chomhaontaigh an dá thaobh comhar domhanda a chothú chun iarmhairtí socheacnamaíocha na paindéime domhanda a mhaolú. Glacadh an Treochlár Comhpháirtíochta Straitéisí idir AE agus an India go dtí 2025 agus beidh sé ina threoir don chomhar frithpháirteach sna cúig bliana amach romhainn, le catalóg chuimsitheach de réimsí comhair a bhfuil sé mar aidhm acu an chomhpháirtíocht a neartú a thuilleadh, ar bhonn luachanna comhroinnte an daonlathais, na saoirse agus an smachta reachta. Dhearbhaigh an dá thaobh freisin go bhfuil rún daingean acu córas iltaobhach riailbhunaithe a chur chun cinn. I measc réimsí eile comhair tá nuachóiriú inbhuanaithe, nascacht, an t-athrú aeráide, digiteáil, cosaint sonraí pearsanta, neamhleathadh agus comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Ba dhíol sásaimh do na ceannairí gur síníodh Comhaontú Euratom-an India maidir le taighde agus comhar um fhorbairt maidir le húsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach. Ghlac siad Dearbhú Comhpháirteach freisin maidir le hÉifeachtúlacht Acmhainní agus leis an nGeilleagar Ciorclach agus ba dhíol sásaimh dóibh an athnuachan atá le teacht ar an gComhaontú Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus an India go ceann cúig bliana eile. D'aontaigh siad teacht le chéile arís don 16ú cruinniú mullaigh idir an India agus an tAontas in 2021.

Is cumhacht núicléach í an India, amhail a comharsana an Phacastáin agus an tSín, agus tá dúshlán ó thaobh fadhbanna slándála, sceimhlitheoireachta agus caismirtí armtha ag na teorainneacha le sárú aici, go háirithe leis an bPacastáin i stát féinrialaitheach Jammu agus na Caismíre, agus ar bhonn níos lú, leis an tSín.

An 14 Feabhra 2019, mharaigh buama féinmharaithe os cionn 40 saighdiúir Indiach sa Chaismír. Ghlac an grúpa sceimhlitheoireachta Jaish-e-Mohammed (JeM), atá bunaithe sa Phacastáin, freagracht as an mbuamáil, agus bhí an choimhlint mhíleata a lean an t-aerionsaí a lainseáil an India mar fhreagairt ar an ionsaí, ar an gcoimhlint mhíleata ba mhó riamh idir an India agus an Phacastáin i mblianta fada de theannas míleata agus coinbhleacht.



I mí Lúnasa 2019, chúlghair Rialtas na hIndia stádas speisialta stát Jammu agus na Caismíre. Bhí agóidí foréigneacha ann de dheasca an chinnidh agus cuireadh cobhsaíocht pholaitíochta an réigiúin i mbaol. Bhí os cionn 900 milliún daoine i dteideal vótála in olltoghchán seacht gcéim na hIndia a réachtáladh idir an 11 Aibreán agus an 19 Bealtaine 2019. D'éirigh le Narendra Modi ón bPáirtí náisiúnach Hiondúch, Bharatiya Janata (BJP) 303 de na 545 shuíochán a bhuachan sa Lok Sabha, an toradh is fearr a gnóthaíodh riamh i stair an pháirtí, ina bhfuair sé an ceann is fearr ar Rahul Gandhi ó pháirtí Chomhdháil Naisiúnta na hIndia agus ar a chomhghuaillithe. Tá córas sainaicmí na hIndia ar cheann de na córais aicme sóisialta is sine ar domhan, ar cúis inní é maidir le hidirdhealú leanúnach ar fhorais sainaicme. Is tír í chomh maith ina bhfuil meascán eitneach agus teanga, agus teannas i roinnt stát agus tuairiscí ar shárúithe ar chearta an duine agus sárúithe ar chearta na mban agus ar chearta leanaí.

Is é an tAontas Eorpach an comhpháirtí trádála is mó atá ag an India, agus is fiú EUR 80 billiún é in earraí in 2019, agus tá barrachas de thart ar EUR 2 billiún aige i bhfabhar na hIndia. Tá an tAontas Eorpach ar cheann de na foinsí infheistíochta is tábhachtaí atá ag an India freisin. Bhí luach EUR 68 mbilliún ar stoic na hinfeistíochta díri coigríche (IDC) san India in 2018.

Faoi láthair, baineann an India tairbhe as taraifí fabhracha aontaobhacha faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe AE (GSP) lena ndéantar fabhair trádála aontaobhacha a nascadh le hurraim do chearta an duine agus do chearta saothair. Faoi mhí na Nollag 2019, bhí an dá theach parlaiminte rite ag an mBille um Shaoránacht a Leasú (CAB). Laghdaíonn an bille ó 11 bhliain go 6 bliana an tréimhse ina mbeidh cead ag imircigh neamhdhleathacha ón bPacastáin, ón mBanglaidéis agus ón Afganastáin saoránacht Indiach a fháil ó ghrúpaí áirithe reiligiúnacha (Hiondúcha, Suíceacha, Búdaíoch, Jain, Parsi agus Críostaí). Dar lucht cáinte an bhille, déantar idirdhealú sa bhille in aghaidh Moslamach agus baintear an bonn ó na prionsabail shaolta an bhunreacht. Mar thoradh ar an mbille, rinneadh agóidí forleathana san India agus ba chúis inní é don Aontas. Tugadh agóid dhlíthúil ina aghaidh freisin i gCúirt Uachtarach na hIndia.

AN PHACASTÁIN

Téann caidreamh AE-an Phacastáin siar go 1962 agus tá sé bunaithe faoi láthair ar Chomhaontú Comhair 2004. Mar mhórdheontóir forbraíochta agus cabhrach, tacaíonn AE le daonlathas agus le forbairt institiúidí sa Phacastáin a chur chun cinn. Is cúis mhór inní do AE é staid chearta an duine, an dlí maidir le blaisféim agus na cúirteanna míleata speisialta sa Phacastáin.

Tá cúrsaí polaitiúla sa Phacastáin ina gcior thuathail go leanúnach ó tháinig cás éillithe an iar-Phríomh-Aire Nawaz Sharif chun solais i gcás Pháipéir Phanama in 2016. Cuireadh d'iallach ar Sharif éirí as a phost i mí Iúil 2017, agus gearradh téarma príosúnachta 10 mbliana air i mí Iúil 2018. Tá an t-arm fós rannpháirteach i gcúrsaí polaitíochta inmheánaí agus eachtraí, le sainordú forleathan i dtaca le saincheisteanna slándála agus frithsceimhlitheoireachta, fad agus atá teannais sheicteacha, sceimhlitheoireacht agus éiginnteacht ag dul i méid ó lá go lá.

Nuair a bhí toghchán an Tionóil Naisiúnta agus na dtionól cúigeach ar siúl i mí Iúil 2018, bhí teannais pholaitiúla idir Léig Mhoslamach na Pacastáine-Grúpa Nawaz Sharif



(PML-N) agus na fórsaí freasúra, faoi cheannas Tehreek-e-Insaf na Pacastáine (PTI), ar éirigh leo na toghcháin a bhuachan. Thug Sharif agóid i gcoinne na dtoghchán, ag líomhain ionramháil agus ceannach vótaí i bhfabhar an Phríomh-Aire reatha Imran Khan. Rinne AE Misean Breathnóireachta Toghchán (EOM) a imlonnú, faoi cheannas an Phríomhbhreathnóra Michael Gahler (PPE, an Ghearmáin), le deichniúr breathnóirí ó Pharlaimint na hEorpa. .

Thug Nawaz Sharif aitheasc don chéad slógadh poiblí de Ghluaiseacht Dhaonlathach na Pacastáine (PDM), comhaontas freasúra nua-bhunaithe, trí nasc físe ó Londain an 17 Deireadh Fómhair 2020. Chuir sé i leith an Ghinearáil Bajwa go ndearna sé na toghcháin a rigeáil, a rialtas a chur as oifig, srian a chur ar na meáin, brú a chur ar na breithiúna agus leatrom a imirt ar pholaiteoirí ón bhfreasúra.

Is mórthairbhí d'fhabhair trádála aontaobhacha AE í an Phacastáin faoi scéim GSP, ar fabhair iad a rinneadh a athbhunú in 2014. Mar chuid den phróiseas, déanann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA) sa Pharlaimint faireachán ar chomhlíonadh cheanglais GSP+. Is é AE an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag an bPacastáin (i ndiaidh na Síne), arbh ionann an trádáil dhá threo ina hiomláine agus EUR 12.6 billiún in 2018, agus inar ghlac AE le 35 % d'onnhairí iomlána na Pacastáine. Tá barrachas trádála dar luach EUR 1.2 billiún ag an bPacastáin le AE. In 2019, b'ionann onnhairí na Pacastáine chuig an Aontas agus EUR 7.5 billiún.

Is mórdheontóir cabhrach um fhorbairt agus cabhrach daonnúla é AE don Phacastáin. Is ionann an cistiú faoin Ionstraim do Chomhar um Fhorbairt do 2014-2020 agus EUR 653 mhilliún.

I ndiaidh thabhairt i gcrích an Phlean Straitéisigh Cúig Bliana in 2017, síníodh an Plean maidir le Rannpháirtíocht Straitéiseach (PRS) idir an tAontas agus an Phacastáin i mí an Mheithimh 2019. Tá an plean nua ceaptha chun an comhar a neartú sa tsíocháin agus sa tslándáil, sa daonlathas, sa smacht reachta, i gcearta an duine, san imirce, sa tsoghluaiseacht, sa trádáil agus san infheistíocht, agus san fhorbairt inbhuanaithe, i measc réimsí eile gníomhaíochta. I mí Lúnasa 2019, chuir an tAontas síneadh lena thacaíocht don Phacastáin le clár EUR 4 mhilliún chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac. An 6 Deireadh Fómhair 2020, reáchtáladh an séú babhta d'Idirphlé Polaitiúil idir an tAontas Eorpach agus an Phacastáin trí bhíthin físchomhdhála. Rinne an dá pháirtí athbhreithniú ar an dul chun cinn ó síníodh PRS agus chuir siad in iúl go bhfuil siad tiomanta i gcónaí dá chur chun feidhme. Maidir leis an Aontas, leag sé ar an ngá atá ann an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, agus thug sé dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an bPacastáin i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a forbraíodh leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

AN AFGANASTÁIN

Síníodh an Comhaontú Comhair maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt AE-an Afganastáin (CAPD) an 18 Feabhra 2017, agus thug Parlaimint na hEorpa faomhadh ina leith an 13 Marta 2019. An 26 Lúnasa 2018, rinne AE agus a Bhallstáit Treochlár AE le haghaidh Rannpháirtíocht na Sochaí Sibhialta san Afganastáin 2018-2020 a fhormheas.



Tá an caidreamh leis an Aontas in oiriúint don staid cogaidh agus iarchogaidh. A bhfuil le hionchur suntasach ó Pharlaimint na hEorpa, tá an Afganastáin rannpháirteach anois go páirteach agus de réir a chéile i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir.

Baineann dúshlán thromchúiseacha slándála leis an Talaban. Tá an baol ann gur stát loicthe a bheidh san Afganastáin. Bheadh comhar réigiúnach níos fearr ina spreagadh tábhachtach ar mhaithe le cobhsaíocht réigiúnach agus náisiúnta. Tá AE, le tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa, ag lorg próiseas síochána faoi cheannas, faoi úinéireacht agus faoi rialú na hAfganastáine.

Is í an Afganastáin an faighteoir is mó de chistiú forbraíochta AE san Áise. Leithdháil AE EUR 1.4 billiún ar an Afganastáin don tréimhse 2014-2020. Tá tuairim is 20 % de na cistí curtha i leataobh le haghaidh 'íocaíochtaí dreasachta' atá ceangailte le hathchóirithe. Gheall an pobal idirnáisiúnta EUR 13.6 billiún chun tacú le síocháin, slándáil agus le forbairt eacnamaíoch san Afganastáin don tréimhse 2017-2020. Baineann an Afganastáin tairbhe as an scéim 'Gach Ní seachas Airm' (EBA), an córas trádála is fabhraí de chuid AE.

Cuireadh i gcrích an tionscadal arna chistiú ag AE, Bainistiú Teorainneacha i dTuaisceart na hAfganastáine, an 7 Meán Fómhair 2019. Rannchuidigh AE cheana féin le seacht bpointe trasnaithe teorann a fhorbairt sa tír. I mí an Mheithimh 2019, seoladh an Mheicníocht um Thacaíocht Síochána san Afganastáin, rud atá cistithe ag AE freisin. Bhí na toghcháin uachtaránachta dheireanacha ar siúl an 28 Meán Fómhair 2019. D'fhógair an Coimisiún Neamhspleách Toghcháin (CNT) go raibh an méid vótaí ba mhó (50.64 %) faighte ag Ashraf Ghani, agus go bhfuair sé an lámh in uachtar ar Abdullah Abdullah (39.52 %).

Tar éis na dtoghchán, cuireadh tús leis an bpróiseas chun rialtas a bhunú le díospóid toghcháin a mhair roinnt míonna idir campaí Ghani agus Abdullah. I ndiaidh brú idirnáisiúnta, bhunaigh an dá thaobh rialtas cuimsitheach ar deireadh agus tháinig siad ar chomhaontú an 17 Bealtaine 2020 maidir le comhroinnt cumhachta chun airí, comhaltaí comh-aireachta agus gobharnóirí réigiúnacha a cheapadh.

In Doha an 29 Feabhra 2020, tar éis breis agus 18 mbliana de choimhlint, shínigh na Stáit Aontaithe agus an Talaban Ráiteas Comhpháirteach na hAfganastáine-SAM um Shíocháin, inar iarradh go mbeadh cainteanna díreacha ann idir an Talaban, Rialtas na hAfganastáine agus grúpaí eile. Tá SAM agus a gcomhpháirtithe tiomanta dá dtrúpaí a tharraingt siar de réir a chéile agus do phríosúnaigh a scaoileadh saor.

An 29 Bealtaine 2020, ghlac an Chomhairle conclúidí lena n-athdhearbhaítear tiomantas polaitiúil an Aontais Eorpach tacú le muintir na hAfganastáine agus iad ag iarraidh an tsíocháin, an chobhsaíocht, an daonlathas, an rathúnas agus an féintuilleamaí a bhaint amach. Cuireadh tús in Doha an 12 Meán Fómhair 2020 le caibidlíocht intra-Afganastánach. Tá sé mar aidhm leo coinníollacha a bhunú le haghaidh sos comhraic cuimsitheach agus ar chomhréiteach polaitiúil. Mar sin féin, rinne COVID-19 dochar mór don Afganastáin agus tá an baol ann go ndéanfaí iarrachtaí forbartha agus síochána a aisiompú.

Ba dhíol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa seoladh na caibidlíochta díri síochána idir Rialtas na hAfganastáine agus an Talaban mar réamhchoinníoll chun deireadh a



chur le ceithre scór bliain de bhás agus de scrios agus chun cobhsaíocht, slándáil agus síocháin a thabhairt chun na hAfganastáine. Áitíonn an Pharlaimint go bhfuil gá le caibidlíocht chuimsitheach atá faoi stiúir na hAfganastáine agus ina mbeidh gach faicsean polaitiúil agus an tsochaí shibhialta páirteach agus a sheasann le hurraim do chearta an duine. Agus cobhsaíocht bhaile thar a bheith tábhachtach á haithint aici, cháin an Pharlaimint briseadh amach an fhoréigin i bhfómhar na bliana 2020. I bpreasráiteas an 30 Meán Fómhair 2020, d'iarr sí ar na geallsealbhóirí go léir san Afganastáin sos comhraic buan agus láithreach a chur i bhfeidhm. Tá an Pharlaimint réidh chun an próiseas síochána a éascú agus chun tacú leis, chun an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chosaint.

AN BHANGLAIDÉIS

Téann caidreamh AE-an Bhanglaidéis siar go 1973. Cumhdaíonn Comhaontú Comhair 2001 trádáil, forbairt eacnamaíoch, cearta an duine, dea-rialachas agus an comhshaol. Tionóladh an trío Comhairliúchán Taidhleoireachta AE–an Bhanglaidéis an 19 Iúil 2018, lenar cumhdaíodh réimse leathan saincheisteanna polaitiúla agus forbairtí. Mar cheann de na tíortha is Lú Forbairt (LDC), tairbhíonn an Bhanglaidéis de chomhshocrú EBA, an córas trádála is fabhraí a bhfuil fáil air faoi GSP AE. Tá suas le EUR 690 milliún geallta ag AE faoi Chlár Ilbhliantúil Táscach 2014-2020. Tá béim leagtha aige ar an ngá atá ag an mBhanglaidéis le hathchóirithe beartais chun a timpeallacht ghnó a fheabhsú agus chun tuilleadh trádála agus infheistíochta a mhealladh.

I mí Iúil 2019, sheol AE dhá chlár sa Bhanglaidéis lena ndírítear ar bhainistíocht airgeadais phoiblí agus ar athchóirithe ar an tslándáil shóisialach náisiúnta.

Is daonlathas parlaiminteach í an Bhanglaidéis ina mbíonn an chumhacht ag malartú idir dhá pháirtí, Léig Awami (AL) agus Páirtí Náisiúnach na Banglaidéise (BNP). Ba ag AL a raibh an bua sna toghcháin i mí na Nollag 2018. Cuireadh iarcheannaire BNP, Khaleda Zia, i bpríosún ar feadh cúig bliana i mí Feabhra 2018 agus scaoileadh saor go sealadach é i mí an Mhárta 2020 chun dul faoi chóireáil leighis. A bhfuil leis an earnáil phríobháideach dhinimiciúil agus le fórsa saothair ísealchostais, b'ionann fás eacnamaíoch na Banglaidéise agus 7.3 % in 2018 agus 8.2 % in 2019. Tá an Bhanglaidéis ar cheann de na tíortha a bhfuil Spriocanna Forbartha na Mílaoise bainte amach acu. Is fadhbanna tromchúiseacha atá ann i gcónaí sa Bhanglaidéis, áfach, ná cearta saothair agus dalaí oibre, go háirithe i gceantair na monarchana éadaigh tionsclaíocha mórchumpeall Dhaka. Tá éifeacht shuntasach ag ráig COVID-19 ar chobhsaíocht eacnamaíoch agus pholaitiúil, go háirithe i gcás oibríthe sa phríomhthionscal onnmhairíochta, earnáil an éadaigh, a chuir tús arís le hobair go déanach i mí Aibreáin 2020 mar iarracht chun spriocdhátaí táirgthe a chomhlíonadh ó bhrendaí faisin.

Ag cruinniú Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 28 Feabhra 2019, d'fhógair an Bhanglaidéis go raibh sí ag dúnadh a teorainn do dhídeanaithe Róihinseacha ó Mhaenmar. Ó mhí Lúnasa 2017, theith os cionn 800 000 dídeanaí Róihinseach go dtí an Bhanglaidéis chun éalú ó ghéarleanúint i Maenmar. Mar gheall ar champaí dídeanaithe a bheith róphlódaithe, tá sé beartaithe ag an mBhanglaidéis na mílte dídeanaí Róihinseach a athlonnú. I mí na Bealtaine 2020, thug údaráis Bhanglaidéis breis agus 300 dídeanaí Róihinse chuig Bhasan Char, oileán iargúlta i mBá na



Beangáile. Níl measúnú déanta go fóill ag na Náisiúin Aontaithe ar ináitritheacht an oileáin.

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an Aontas ar ghéarchéim dhéanaithe Róihinse, agus tá níos mó ná leath den EUR 280 milliún a ardaíodh tar éis Chomhdháil Gheallta na Náisiúin Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2017 leithdháilte aige. Ar dtús, leithdháil an tAontas os cionn EUR 150 milliún i gcabhair dhaonnúil, agus ina dhiaidh sin EUR 41 mhilliún in 2018, EUR 35 mhilliún in 2019 agus EUR 31 mhilliún in 2020, go príomha chun tacú le dídeanaithe Róihinse in Bazar Cox.

SRÍ LANCA

Téann caidreamh AE-Srí Lanca siar go Comhaontú Comhair 1975, a uasghrádaíodh in 1995 trí Chomhaontú Comhair den tríú glúin maidir le Comhpháirtíocht agus Forbairt. Tugadh rochtain ar AE do Shrí Lanca le haghaidh a onnmhairí faoi scéim GSP+ i mí na Bealtaine 2017 mar dhreasacht i gcomhair athchóirithe polaitiúla agus i gcomhair coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar chearta an duine, cearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas a chomhlíonadh. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa ar an dul chun cinn atá déanta ag Srí Lanca maidir le critéir GSP+ a chomhlíonadh go héifeachtach maidir le hathmhuintearas náisiúnta, dea-rialachas, cuntasacht agus cearta an duine, lena n-áirítear cearta mionlaigh.

An 30 Lúnasa 2019, bhí cruinniú i gColombo ag an Meitheal um Rialachas, Smacht Reachta agus Cearta an Duine de chuid Choimisiún Comhpháirteach AE-Srí Lanca. Gheall Srí Lanca coinbhinsiúin idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus cloí le GSP+. Pléadh dul chun cinn ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, cearta na mban agus cearta leanaí, cearta grúpaí mionlaigh, agus deireadh a chur le céasadh agus pionós an bháis.

Tá EUR 760 milliún tugtha ag AE do Shrí Lanca i gcabhair um fhorbairt le deich mbliana anuas. Is é AE an dara comhpháirtí trádála is mó atá ag Srí Lanca (i ndiaidh na hIndia), arbh ionann an trádáil dhá threo in earraí agus tuairim is EUR 4.5 billiún in 2018, agus comhordú trádála dar luach EUR 1.3 billiún i bhfabhar Shrí Lanca.

Ó 1983 go 2009 d'fhulaing Srí Lanca cogadh cathartha idir an rialtas, ina raibh na Siolónaigh i gceannas, agus Tíogair Shaortha Tamil Eelam (LTTE). Agus bua an airm ina údar misnigh aige, rinne Mahinda Rajapaksa, an tUachtarán a bhí ann an tráth sin, toghcháin uachtaránachta luatha a ghairm i mí Eanáir 2015, ach fuair Maithripala Sirisena ó Pháirtí um Shaoirse Shrí Lanca (SLFP) an ceann is fearr air. Bhuaigh Gotabaya Rajapaksa na toghcháin uachtaránachta i mí na Samhna 2019 agus cheap sé a dheartháir, an t-iar-Uachtarán Mahinda Rajapaksa, mar phríomh-aire nua. Bhuaigh comhaontas páirtí an uachtaráin, Comhghuaillíocht Saoirse Phobal Shrí Lanca, bua suntasach ag na toghcháin pharlaiminteacha a reáchtáladh i mí Lúnasa 2020. I mí Mheán Fómhair 2020, tugadh isteach an 20ú bille leasaitheach conspóideach, rud a neartaigh cumhachtaí feidhmiúcháin an uachtaráin agus a lagaíodh ról an phríomh-aire agus na parlaiminte.

Ar Dhomhnach Cásca, an 21 Aibreán 2019, maraíodh os cionn 250 duine i naoi n-ionsaí buamála ar thrí eaglais Chaitliceacha agus ar óstáin i Srí Lanca. Dúirt an Stáit Ioslamach, mar a thugtar orthu, go raibh siad freagrach as na hionsaithe, ach dúirt



Rialtas Shrí Lanca go raibh comhaltaí Thowheed Jamath Naisiúnta (NTJ), foghrúpa de chuid Thowheed Jamath Shrí Lanca, ciontach chomh maith. I mí Lúnasa 2019, mar chuid den Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (IcSP), leithdháil an Coimisiún EUR 8.5 milliún ar Shrí Lanca chun an t-antoisceachas foréigineach a chomhrac, chun teacht aniar an phobail a chothú agus chun an tsíocháin agus an chaoimhfulaingt a chur chun cinn. Agus an tír á deighilt ag teannais eitneacha agus reiligiúnacha, tá go leor le déanamh ag Srí Lanca fós go dtí go gcomhlíonfaidh sí na caighdeáin idirnáisiúnta ar shaincheisteanna amhail pionós an bháis, céasadh, ceartas idirthrémhseach, saoirse tuairimí a nochtadh, antoisceachas creidimh agus comhionannas inscne.

NEIPEAL

Téann caidreamh AE-Neipeal siar go 1973 agus tá sé bunaithe ar Chomhaontú Comhair 1996. Le hionann is an ceathrú cuid den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná dhá USD sa lá, bíonn Neipeal ag brath ar chabhair sheachtrach le haghaidh 25% dá bhuiséad. Tá AE ar cheann de na deontóirí cabhrach um fhorbairt is mó atá ag Neipeal agus rinne sé a chabhair um fhorbairt a mhéadú faoi thrí go EUR 360 milliún do 2014-2020. D'athdhearbhaigh AE freisin a thábhachtaí atá sé go mbainfeadh Neipeal leas níos mó as na fabhair thrádála a thugtar dó faoi scéim ÚBE. Bhí luach EUR 500 milliún ar an trádáil iomlán dhá threo in earraí in 2018.

Sa 12ú cruinniú comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Neipeal, a tionóladh trí bhíthin físchomhdhála an 2 Deireadh Fómhair 2020, díriodh ar phaindéim COVID-19 agus ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a ghabhann leis. Leag an tAontas agus Neipeal araon béim ar a thábhachtaí atá saincheisteanna domhanda agus réigiúnacha a bhaineann leis an athrú aeráide, le cearta an duine, leis an iltaobhachas agus leis an nascacht. D'athdhearbhaigh na ceannairí go bhfuil siad tiomanta tacú le hiltaobhachas éifeachtach agus oibriú i gcomhar a chéile ag na Náisiúin Aontaithe, ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus ag fóraim idirnáisiúnta eile, chomh maith le hiarracht a thabhairt cuspóirí suntasacha domhanda a bhaint amach amhail na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) agus Comhaontú Pháras.

Tá paindéim COVID-19 ag croitheadh ar gheilleagar na tíre agus baineann sé an bonn ó sprioc ráta fáis eacnamaíoch an rialtais de 9.6 % gach bliain sna cúig bliana amach romhainn. I mí Aibreáin 2020, d'ullmhaigh an tAontas pacáiste tacaíochta EUR 75 milliún do Neipeal, a ceapadh chun tionchar COVID-19 a mhaolú agus geilleagar Neipeal agus éileamh ar shaothar a spreagadh, agus ar an gcaoi sin tacaíocht a thabhairt d'ioncam aonair i dtír arb é is príomhthréith di éagothroime shubstantiúil idir na sainaicmí uachtaracha agus na sainaicmí is ísle, chomh maith le pobail imeallaithe amhail Madhesi.

An 23 Eanáir 2020, thionóil Neipeal toghcháin don Tionól Náisiúnta. Fuair Páirtí Cumannach Neipeal (NCP) rialú 16 shuíochán agus bhuaigh Páirtí Rastriya Janata (RJP-N) 2 cheann. Tá an tSín agus an India in iomaíocht le chéile chun tionchar a ghnóthú sa tír. Is iad na dúshláin is mó ná réiteach síochánta a fháil ar an tsáinn pholaitiúil trí athchóiriú a dhéanamh ar an mbunreacht, nach mór a leasú chun freastal



ar leasanna na Dalits agus na mionlach eitneach, go háirithe an Madhesi in Terai, agus chun cearta shaoránaigh Neipeal atá ar imirce thar lear a ráthú.

Theip ar an rialtas ceartas idirthréimhseach a ghnóthú d'íospartaigh na sárúithe ar chearta an duine le linn an chogaidh shibhialta. I mí Aibreáin 2020, mhol an Chúirt Uachtarach sainordú Choimisiún Neipeal um Fhírinne agus Athmhuintearas a leasú chun saoirse ó phionós a chosc.

AN BHÚTÁIN

Scoite amach ón saol mór ar feadh na gcéadta bliain, tá an Bhútáin ag dul in oiriúint do dhomhandú agus ag neartú a geilleagar, agus a traidisiúin ársa á gcaomhnú aici ag an am céanna. Rinne sí aistriú síochánta chuig daonlathas parlaiminteach faoin mbunreacht a glacadh in 2008, ina ndearnadh scaradh na gcumhachtaí faoi mhonarcacht bhunreachtúil a ráthú. Tacaíonn an tAontas le neamhspleáchas iomlán na Bútáine óna comharsana cumhachtacha – an India agus an tSín – agus creideann sé go láidir gur cheart go mbeadh an tír in ann a beartas slándála agus eachtrach féin a cheapadh, agus aitheantas á thabhairt aige do na hábhair imní atá fós ann faoi chailleadh ceannasachta mar gheall ar shuíomh geografach na Bútáine.

Déanann Clár Iltáscach AE 2014-2020 EUR 49.3 milliún i gcabhair a leithdháileadh ar an mBútáin. Tá láithreachtaí láidir ag AE sa Bhútáin ó 1982, a bhíonn ag saothrú chun bochtaineacht a laghdú, daonlathú agus dea-rialachas a chur chun cinn agus talmhaíocht inbhuanaithe agus acmhainní nádúrtha in-athnuaite a thacú. An 24 Bealtaine 2018, rinneadh 'Tionscadal Tacaíochta Trádála AE-an Bhútáin' a sheoladh arb é is aidhm dó breisluach, naisc leis an margadh agus an trádáil agus creat rialála infheistíochta a fheabhsú.

Tá aitheantas tugtha ag an bParlaimint go minic do chur chuige forbraíochta uathúil na Bútáine, a tionscnaíodh nuair a ghlac sí le domhandú. Tá sé bunaithe ar choincheap an Ollsonais Náisiúnta (GNH), a dhéanann caighdeán maireachtála daoine a thomhas go staitistiúil agus a dhéanann dul chun cinn nithiúil agus spioradálta a chothromú. Thairis sin, tacaíonn an Pharlaimint le beartas comhshaoil na Bútáine, a fhéachann le bithéagsúlacht na tíre a chaomhnú – atá an-leochaileach don athrú aeráide – agus le cosc a chur ar gach cineál díghrádaithe éiceolaíochta i gcomhréir le coincheap GNH.

I mí na Samhna 2019, reáchtáladh an t-ochtú Comhairliúchán Débhliantúil AE-na Bútáine agus mhol AE don Bhútáin coinbhinsiúin maidir le cearta an duine a chur chun feidhme ar coinbhinsiúin iad lena bhféadfaí rochtain a thabhairt don tír ar scéim GSP+.

I lár 2020, leithdháileadh dhá thionscadal nua ar fiú thart ar EUR 3.4 milliún iad chun tacú le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn. Idir 2017 agus 2022, eisíocfar tuairim is EUR 21.5 milliún chun tacú leis an talmhaíocht inbhuanaithe, leis an bhforaoiseacht agus leis an athrú aeráide. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar na riachtanais a tháinig chun cinn le linn phaindéim COVID-19, leithdháil an tAontas EUR 4.5 milliún breise.

Ós rud é gur dócha go n-imeoidh an Bhútáin ó stádas TLF (tír is lú forbartha) go luath amach anseo, ní mór uirlisí nua comhair a shainaitheint, amhail iasachtaí ar chostas



íseal a dheonú ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun tacú le hinfheistíochtaí sa Bhúitáin thar an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

OILEÁIN MHAILDÍVE

Cé nach bhfuil aon chomhaontú comhair fós i bhfeidhm le hOileáin Mhaldíve, tugann AE tacaíocht chomhair le haghaidh pobail tuaithe, turasóireachta agus maolú ar an athrú aeráide. An 16 Iúil 2018, ghlac Comhairle Gnóthaí Eachtracha AE creat le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírthe i gcoinne daoine agus eintitis atá freagrach as an mbonn a bhaint ó smacht reatha nó bac a chur ar réiteach polaitiúil cuimsitheach in Oileáin Mhaldíve agus i gcoinne daoine agus eintitis atá freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine.

Tá Oileáin Mhaldíve leochaileach d'athrú aeráide agus neamhchosanta ar leibhéal na mara atá ag ardú agus ar chreimeadh cósta, atá ina bhagairt mhór d'inmharthanacht na tíre. Tá sé beartaithe ag Parlaimint Oileáin Mhaldíve an chéad Ghníomh um an Aeráid a bhí aici riamh a bhunú, a leagfaidh síos teorainneacha ar thruailliú, agus chun bearta a ghlacadh chun an comhshaol a chosaint agus chun cuidiú le hathghiniúint an chomhshaoil. Tá méadú de bheagnach ceithre mhiliméadar in aghaidh na bliana i bpríomhchathair Malé léirithe i dtaifid le 20 bliain anuas agus méadú réamh-mheasta de 40-50 ceintiméadar faoi 2100. Ciallaíonn sé sin creimeadh trá, tuilte, méadú salandú screamhuisce agus aimsir dhothuartha, atá ina gcúis le tuilte agus triomach cheana féin. Ós rud é go bhfuil 80 % de Mhaldívigh ina gcónaí laistigh de 100 méadar den fharraige, is bagairt mhór é tionchar fisiciúil na n-athruithe sin.

Tá fadhbanna eile sa tír freisin, amhail dífhostaíocht ard i measc na n-óg, foréigean drong agus andúil i ndrugaí. Tá an corraíl pholaitiúil agus shibhialta ag dul i méid ó d'éirigh le ceannaire an fhreasúra, Mohamed Solih, an ceann is fearr a fháil ar an iar-Uachtarán Abdulla Yameen Abdul Gayoom i mí Mheán Fómhair 2018. Reáchtáladh toghcháin pharlaiminteacha in Oileáin Mhaldíve an 6 Aibreán 2019. Ba ag Páirtí Daonlathach Oileáin Mhaldíve de chuid Mohamed Solih a bhí an t-ollbhuja; bhuaigh siad 65 de na 87 suíochán i Majlis an Phobail. Toghadh an tIar-Uachtarán Mohammed Nasheed mar Fheisire cúig mhí tar éis dó deireadh a chur leis an deoraíocht, agus ba é céad iar-Uachtarán Oileáin Mhaldíve a toghadh chun na parlaiminte é.

Ó 2011, ní áirítear Oileáin Mhaldíve ar chatagóir TLF na Náisiún Aontaithe a thuilleadh, agus d'éirigh leo stádas uas-mheánioncaim a bhaint amach in 2013. Tá an geilleagar bunaithe go príomha ar thurasóireacht agus ar iascaigh. Is é AE an ceathrú comhpháirtí trádála is mó atá ag Oileáin Mhaldíve, arb ionann trádáil AE agus sciar de thimpeall 10% den trádáil iomlán in earraí in 2019.

Ós rud é gurb ionann an turasóireacht agus 70 % de OTI, tá tionchar an-mhór ag paidéim COVID-19 ar gheilleagar Oileáin Mhaldíve. Tionóladh an chéad Chruinniú d'Oifigigh Shinsearach idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Mhaldíve i mí Feabhra 2020. Chuir an tAontas Eorpach EUR 3 milliún ar fáil i mí Aibreáin 2020 chun tacú le bearta chun maolú a dhéanamh ar mhórthionchar COVID-19 ar earnáil na turasóireachta. D'fhógair BEI iasacht EUR 20 milliún chun tacú le bearta téarnaimh.

Jorge Soutullo / Walter Masur



